Déardaoin 23. Meitheamh 2022

P9_TA(2022)0254

Dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2022: costais ghlactha daoine atá ag teitheadh ón Úcráin a mhaoiniú

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Meitheamh 2022 ar sheasamh na Comhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2022 an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 – costais ghlactha daoine atá ag teitheadh ón Úcráin a mhaoiniú (09095/2022 – C9-0182/2022 – 2022/0126(BUD))

(2023/C 32/18)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint d'Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

— ag féachaint do bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022, mar a glacadh go cinntitheach é an 24 Samhain 2021 ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027 ([3]) ("Rialachán CAI"),

— ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ([4]),

— ag féachaint do Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom ([5]),

— ag féachaint do dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2022, a ndearna an Coimisiún é a ghlacadh an 22 Aibreán 2022 (COM(2022)0262),

— ag féachaint don seasamh ar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2022, a ndearna an Chomhairle é a ghlacadh an 16 Bealtaine 2022 agus é a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa an lá céanna, (09095/2022 – C9-0182/2022),

— ag féachaint do Rialacha 94 agus 96 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0181/2022),

A. de bhrí go molann an Coimisiún go gcuirfí EUR 400 milliún ar an iomlán le buiséad an Aontais faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) agus faoin Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IBTV) chun maoiniú a dhéanamh ar na costais a bhaineann leis an gcéad ghlacadh agus le clárú na ndaoine atá ag teitheadh ón Úcráin, mar thoradh ar an gcogadh ionsaitheach neamhdhleathach, gan chúis agus gan údar atá á dhéanamh ag Cónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine ón 24 Feabhra 2022 i leith;

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 45, 24.2.2022, lch. 1.
([3]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.
([4]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.
([5]) IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

Déardaoin 23. Meitheamh 2022

B. de bhrí go bhfuil dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2022 ar cheann de na gnéithe atá á n-úsáid chun an EUR 400 milliún atá beartaithe a bhaint amach, mar aon le leasuithe ar chláir oibre na Saoráide Téamaí AMIF agus IBTV don tréimhse 2021-2022 lena gcuirtear suim EUR 124 mhilliún ar fáil i bhfoirm cúnamh éigeandála faoi gach clár, agus leis an togra le haghaidh aistriú údaráis bhuiséadaigh (DEC 11/2022) chun AMIF a threisiú EUR 52,2 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 74 mhilliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;

C. de bhrí gurb ionann glantionchar dhréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2022 ar chaiteachas agus méadú EUR 99,8 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas do AMIF, agus méadú EUR 176 mhilliún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arb éard atá ann EUR 76 mhilliún le haghaidh AMIF agus EUR 100 milliún le haghaidh IBTV;

1. á chur in iúl gur geal léi dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 3/2022 mar a thíolaic an Coimisiún;

2. á mheabhrú go bhfuil Parlaimint na hEorpa tiomanta ionstraimí buiséadacha uile an Aontais atá ar fáil a ghníomhachtú chun leanúint den tacaíocht eacnamaíoch agus airgeadais is láidre is féidir a sholáthar don Úcráin agus do na daoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin; á athdhearbhú go bhfuil gá le dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit agus le bearta comhchoiteanna mar fhreagairt ar shreabhadh na milliún dídeanaí atá ag teitheadh ón Úcráin, lena n-áirítear dídeanaithe a ath-leithdháileadh; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé leanúint de thacaíocht a thabhairt do Phoblacht na Moldóive chun daoine a aistriú chuig na Ballstáit i gcomhthéacs an Ardáin Dlúthpháirtíochta; ag tathant go háirithe ar an gCoimisiún cistí atá dírithe ar chláir um chomhar trasteorann idir an Úcráin agus na Ballstáit a chlárasceidealú agus a úsáid don tréimhse 2021-2027 chun athléimneacht na bpobal atá ina gcónaí ag an teorainn a mhéadú i bhfianaise ghéarchéim na ndídeanaithe atá fós ar siúl;

3. á mheabhrú go raibh atreisiú EUR 1 bhilliún ar IBTV i gcaibidlíocht CAI faighte ag Parlaimint na hEorpa chun go mbeifear in ann cuspóirí an chláir bhaint amach go hiomlán; á chur in iúl gur cúis mhór áiféala di gur roghnaigh an Coimisiún imchlúdach IMVI a laghdú chun atreisiú ar an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí a fhritháireamh le EUR 63 mhilliún agus Europol a fhritháireamh le EUR 185 mhilliún le linn CAI reatha; ag seasamh leis an seasamh atá aici go bhfuil acmhainní nua de dhíth ar chúraimí nua le haghaidh gníomhaireachtaí agus nár cheart go mbeadh na cláir ná na gníomhaireachtaí atá ann cheana thíos leis;

4. á chur i bhfios go láidir nach leor Ciste NGEU, comhpháirt an Chiste don Téarnamh agus don Athléimneacht de Chiste NGEU, ná an tsolúbthacht faoi CAI reatha chun na riachtanais airgeadais a eascraíonn as an gcogadh san Úcráin a chumhdach ina n-iomláine; ag dréim leis, thairis sin, go dtiocfaidh meath breise ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta san Aontas sna míonna atá romhainn agus á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún na sásraí riachtanacha dlúthpháirtíochta agus cúitimh a bhunú go práinneach;

5. á chur in iúl gur cúis mhór imní di go bhfuil CAI imithe go dtí an dóbair cheana féin agus nach bhfuil sé oiriúnach chun leanúint d'aghaidh a thabhairt ar an iliomad géarchéimeanna inmheánacha agus seachtracha ar bhealach inbhuanaithe; á thabhairt chun suntais, go háirithe, gur gá uasteorainn Cheannteideal 4 a mhéadú chun na riachtanais airgeadais iarbhír maidir le bainistiú imirce agus teorainneacha an Aontais a léiriú; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún athbhreithniú domhain a dhéanamh ar fheidhmiú CAI reatha agus leanúint ar aghaidh le togra reachtach le haghaidh athbhreithniú cuimsitheach ar CAI a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná an chéad ráithe de 2023; ag dréim leis go gcuirfear san áireamh, leis an athbhreithniú sin, impleachtaí fadtéarmacha an chogaidh san Úcráin agus na bearta éigeandála a dhéantar;

6. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle maidir le Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 3/2022;

7. á threorú dá hUachtarán a dhearbhú go bhfuil Buiséad Leasaitheach Uimh. 2/2022 glactha go cinntitheach agus socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

8. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.